An Roinn Oideachais Agus Eolaíochta

An Teastas Sóisearach

Siollabas Na Laidine

LAIDIN

1. **RÉASÚNAÍOCHT**

An Laidin, ceann den tacar mór de theangacha an Ind-Eorpaigh, bhí sé mar theanga den dúthaigh bheag darb ainm Latium ar dtús i.e. den mhuintir Rómhánach agus a gcuid gar-chomharsana, na Laidinigh. An tábhacht ar leith a bhaineann leis an teanga, is de thoradh an ghabháil a rinne na Rómhánaigh ina dhiaidh sin ar thailte na Meánmhara agus ar go leor den Mhór-roinn Eorpach agus de bhrí go raibh sí mar theanga mar sin den Impireacht Rómhánach feinigh. De bhrí go raibh tionchar fada thar an ghnáth ag an Impireacht seo, d'fhág sí a lorg fadsaolach ar an tsibhialtacht Eorpach a bhain, ach go háirithe, le teanga. le litríocht, le dlí, le ealain, le ailtíreacht, le nósanna agus leis an smaoineamh polaitiúil.

Ina theannta sin, de bhrí gur ghlac an Impireacht Romhánach go fonnmhar leis an gcultúr Gréagach, bhí si freagrach as na héachtaí sibhialtachta Gréagacha a scaipeadh trí cuid mhór den Eoraip a bhain, ach go háirithe, lena ár gcultúr féinigh.

De thoradh a leithéide, ní mór duinn tuiscint agus meas a bheith againn ar cad a bhí i gceist sa tsibhialtacht Rómhánach agus conas mar a rinne imeachtai aimsire an ranníocaíocht Rómhánach a athrú agus a shaibhriú más mian linn an tionchar thar an ghnáth a bhí ag an tsibhialtacht Rómhánach ar bhunú na hEorpa a mheas.

Tá sé tábhachtach leanúint leis an staidéar ar an tsibhialtacht sin chun go bhféadfaimis an bunús riachtanach aontaithe atá sa chultúr Eorpach atá ag eacht chugainn ón tsibhialtacht Rómhánach a mheas go rialta.

1.1 Is féidir leis an ábhar Laidine a fheidhm riachtanach oideachasúil a bhaint amach i mórán slite:-

(i) Trí staidéar a dhéanamh ar an teanga Laidine, déanann an dalta teagmháil láithreach ní amháin leis na Rómhánaigh ársa féinigh ach, freisin, leis an tslí ina mhaireann an Laidin sna teangacha a labhraimid inniu. Mar shampla, is é an toradh atá le forbairt na teanga Laidine le fad aimsire ná na teangacha Rómánsacha, mar a ghlaotar ortu: chun a leithéid de theangacha a thuiscint go bunúsach agus chun an tslí ina bhfuil siad á bhforbairt a thuiscint, caithfear a bheith beann ar an Laidin féin. Cé nach bhfuil an teanga Bhéarla bunaithe ar an Laidin, mar sin féin, de bhrí gur dhíorthaigh cuid mhaith focal Béarla ón Laidin sna haoiseanna anuas, cabhróidh eolas ar an Laidin leis an teanga Bhéarla a thuiscint.

(ii) Tá dlúthbhaint idir an litríocht Laidine agus an léitheoireacht Laidine agus is fíor an cháil atá ag a leithéid de litríocht sa domhan. Is é an chúis atá le sin ná go mbaineann maorgacht agus uaisleacht leis an ábhar scríofa agus sa mhéid go bhfuil *humanitas* – teaglaim de chultúr agus de chineáltas – i saothar na scríbheoirí cháiliúla. Is ionann "sibhialtacht", mar a thuigimid í, agus nochtadh a codanna uile éagsúla. Nuair a thit an Impireacht Rómhánach i ndeireadh thiar, ba í an litríocht sin a bhí mar bhun is barr na cúise le haghaidh leanúint na Laidine mar theanga na litríochta meánaoise agus a bhí taobh thiar na n-eiseamláirí oiriúnacha litríochta d'fhorbairt na dteangacha Rómánsacha agus Eorpacha. Bhí an próiseas sin de thíor ag baint feidhme as an litriocht chlasaiceach Laidine, foinse an smaoinimh Eorpaigh. Tá sé thar a bheith tábhachtach an nasc sin a

choinneáil i dtreo is go bhféadfaí bunús agus forbairt an chultúir Eorpaigh a thuiscint, a ionsú agus a athluacháil i gceart i ngach aon ghlún.

(iii) An stair Rómhánach atá lonnaithe sa siollabas, is é atá i gceist inti ná an taifead foirmiúil den sliocht Rómhánach de réir mar ar fhás siad ón treibh bheag Iodálach go dtí an limistéar ar a dtugtar an Eoraip inniu. Déanann staidéar ar an stair Rómhánach nochtadh agus forbairt den treibh Rómhánach a thuairisciú, a léirmhíniu agus a chur i gcomhthéacs.

(iv) Déantar an saol polaitiúil agus sóisialta Rómhánach a léiriú go hiomlán sna iarsmí liteartha, inscríbhinne agus seandálaíochta. Agus iad san tógtha ina iomláine, tugann siad pictiúr baili agus iontach ar an gcéad chultúr iltíreach Eorpach atá, a bheag nó a mhór, ionann lenár gceann féin. Tá an staidéar ar na hinstitiúidí éagsúla den chultúr seo treorach agus iontach. Dá dheasca sin, tá an staidéar ar na haicmí sin lonnaithe ag leibhéal oiriúnach sa siollabas.

2. AIDHMEANNA

Is iad na haidhmeanna ginearálta a bhaineann leis an Laidin sa Teastas Sóisearach ná chur a chur ar chumas daltaí:-

- an Laidin a léamh, a thuiscint agus sult a bhaint aisti
- eolas agus thuiscint a fháil ar stair agus ar shibhialtacht Rómhánach
- a bheith feasach ar an oidhreacht Rómhánach chomónta sa teanga agus sa tsibhialtacht a dhíorthaítear ón Laidin

2.1 Ag éirí as a leithéid d'aidhmeanna ginearálta, 'siad seo a leanas aidhmeanna níos sonraithe:-

(i) Tuiscint na teanga Laidine a mhúineadh chun críche na <u>léitheoireachta.</u> Agus a leithéid á cur i bhfeidhm, cuireann an múinteoir an teanga i láthair ní amháin mar chríoch inti féin ná mar ais oiliúna intinne – cé gur fo-thorthaí iad san atá luachmhar agus dosheachanta – ach mar mheán riachtanach agus údarásach chun rochtain a fháil ar an litríocht Rómhánach agus ar an gcultúr as a d'fás siad. Ar chaoi eile, d'fhéadfaí féachaint ar an teanga Laidine mar fhoinse *par excellence* chun teacht ar eolas ar na Rómhánaigh. Agus na haidhmeanna sin á leanúint ag na daltaí, caithfear níos mó ama ar staidéar na teanga le haghaidh léitheoireachta.

(ii) Na daltaí a mhúineadh chun an Laidin a léamh os ard go beacht le tuiscint aus mothú

(iii) Chun a leithéid d'eolas ar an teanga Laidine a thabhairt do mhic léinn i dtéarmaí graiméir agus comhréire chun na haidhmeanna ag (i) agus (ii) a éascú ar an tslí is fearr.

(iv) Agus an aidhm ag (i) á cur i gcrích, an staidéar ar an teanga agus ar an litríocht a iomlánú chomh fada agus is féidir

(v) Eolas bunúsach a thabhairt do na daltaí ar an bhfás stairiúil den sliocht Rómhánach, den Phoblacht agus den Impireacht trí staidéar a dhéanamh ar an tréimhse ó bhunús na cathrach go dtí bás Julius Caesar

(vi) Eolas a thabhairt do na daltaí ar na mór-institiúidi polaitiúla agus sóisialta Rómhánacha chun tuiscint a eascairt ar fiúntais agus ar thréithe den sliocht Rómhánach a rinne chomh chumhachtach agus chomh údarásach iad ar stair na hEorpa go ginearálta.

(vii) De bhrí go bhfuil an teanga Laidine mar phríomh-fhoinse struchtúr go leor teangacha nua-aoise, ranniocaíocht riachtanach a dhéanamh don leibhéal liteartha ginearálta dóibh siúd a thugann faoi staidéar an ábhair seo.

(viii) Chun dul ar aghaidh don chlár Laidine san Ardteistiméireacht a dhéanamh mín agus gan stró do mhic léinn.

(ix) I gcás na mac léinn sin nach bhfuil in ann leanúint leis an Laidin tar éis an Teastais Shóisearaigh, go bhfuil siad ar an tuairim gur bhain siad sásamh as an teanga sa mhéid a bhain leis an saol sa todhchaí.

3. CUSPÓIRÍ AN CHÚRSA

Déanann na cuspóirí cúrsa liosta de na coincheapa, den eolas, de na scileanna agus iompair ba chóir do na mic léinn a fháil agus a fhorbairt sa siollabas seo.

3.1 Coincheapa

Beidh thuiscint ag na mic léinn ar na heochairchoincheapa ar a bhfuil an siollabas bunaithe:-

(i) an choincheap de *theanga chlasaiceach* , sé sin, teanga a saothraigh mar theanga urlabhra agus scríofa a chleachtaigh formhór na ndaoine i sibhialtacht ardfhorbartha thar fadtréimhse ama. I rith na haimseartha sin rinneadh féith uathúil na ndaoine a réalú sa teanga sin in éagsúlacht scríbhneoireachta teanga. De thoradh forbartha nádúrtha agus tionchar seachtrach, rinneadh an teanga a chlaochlú amach anseo diaidh ar ndiaidh ón soiléiriú clasaiceach go dtí éagsúlacht leathan de theangacha eile nua-aimseartha.

(ii) an choincheap de phointe neamhchinnte a bheith sroichte ag teanga chlasaiceach, de thoradh an chlaochlaithe a luadh ag (i), thuas, sa tslí nach bhféadfaí í a athrú ná cur leis go buan faoi mar is féidir le teanga nua-aimseartha a dhéanamh

(iii) an choincheap de shibhialtacht, de thoradh (i) agus (ii), thuas, gur féidir a thuiscint ar an toirt agus go húdarásach tríd an cruth teanga seo a fhanann neamhathraitheach

(iv) an choincheap a bhainfidh le bunús agus le bás ardsibhialtachta; agus conas mar is féidir linn teacht ar eolas futhu i slí speisialta trí staidéar a dhéanamh ar an teanga agus an litríocht a chleachtaigh siad mar aon le roinnt eolais ar ealaín, ar sheandálaíocht agus ar an saol sóisialta a bhi acu.

3.2 Eolas

Tiocfaidh na daltaí ar -

(i) eolas ar an teanga Laidine a bheidh iomchuí lena n-aoiseanna

(ii) eolas ar ghraiméar na Laidine a chuirfidh ar a gcumas, go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil, thuiscint a bhaint amach ag an leibhéal cuí agus meas ar struchtúr speisialta na teanga Laidine

(iii) de thoradh (i) agus (ii), thuas, tuiscint phraiticiúil ar an difríocht idir teanga shintéiseach mar Laidin (i.e. úsáid mhinic agus chórasaithe as focail aonracha a chasadh chun thuiscint a chur i gcéill) agus teanga anailíseach mar Bhéarla (i.e. teanga a thugann tuiscint tri theaglamaigh d'fhocail ar leith seachas casadh) e.g. *cuirfear amach le claíomh iad* i gcomparáid le *emittentur gladia*. Ina leith sin, meas a bhunú ar an gceangal speisialta sa struchtúr idir an teanga Ghaeilge agus an Laidin.

(iv) roinnt eolais agus meas ar an litríocht Laidine trí staidéar ar shamplaí iomchuí

(v) eolas ar bhunú agus ar fhorbairt an tsleachta Rómhánaigh agus ar na tréithe speisialta a bhí acu mar shliocht, – a gcuid *pietas, gravitas, patientia, disciplina*

(vi) tuiscint ghinearálta ar an ghné *res publica* a mhair ar feadh i bhfad

(vii) tuiscint, i dtéarmaí ginearálta, ar an bhforbairt chéim ar chéim den Impireacht a bhunaigh siad

(viii) tuiscint ar an éifeacht a bhí ar an *res publica* de thoradh an fhorbairt a tharla ar an Impireacht a bhí acu

(ix) tuiscint ghinearálta ar conas mar a bhí tionchar ag daoine ar leith ar an bhforbairt faoin *res publica*.

3.3 Scileanna

Ba chóir do na daltaí scileanna ar leith a fhorbairt go huathoibrioch trí staidéar a dhéanamh (mar a bhfuil breacrianaithe sa siollabas seo) ar an teanga Laidine, ar an litríocht Laidine, ar an stair Rómhánach agus ar an tsibhialtacht, mar atá a leanas:-

(i) an inniúlacht chun *aistriúchán* a dhéanamh ar shleachta iomchuí Laidine go dti an teanga dhúchasach go beacht, go soiléir agus go nadúrtha;

(ii) an inniúlacht chun sleachta Laidine ag an leibhéal deacrachta cuí a *thuiscint*

(iii) an inniúlacht chun an Laidin *a léamh* os ard go soiléir is go héifeachtach

(iv) an inniúlacht chun focail, clásail agus abairtí Laidine a *anailísiú* agus a *rangú* a chabhroidh na daltaí spéis agus sult a bheith acu sa teanga Laidine mar aon leis an tuiscint ar an teanga dhúchasach agus ar theangacha eile a láidriú

(v) inniúlacht ag an leibhéal cuí chun *foinse focal* a mhíniú (sanasaíocht) tri analisiú a dhéanamh ni amháin ar fhocail Laidine ach ar fhocail sa teanga dhúchasach a thagann ón Laidin

(vi) tri fheidhm a bhaint as a leithéid de shanasaíocht, an inniúlacht chun cuid de na prionsabail a bhaineann le *fás teanga* a thuiscint

(vii) ag baint feidhme as (i) go dtí (vi), thuas, roinnt gnéithe *beachta* agus *loighciúla*

(viii) an inniúlacht chun na cosúlachtaí agus na neamhchosúlachtaí idir na sibhialtachtaí nua-aimseartha agus an tsibhialtacht Rómánach a mheas

(ix) an inniúlacht chun faisnéis a athfháil agus a thaifead go beacht ó fhoinsí éagsúla, go mór mór sa chroíréigiún um staidéar teanga; e.g. is scil riachtanach ar leith í faisnéis ón bhfoclóir Rómánach a athfháil agus a fheidhmiú i gceart

(x) an inniúlacht chun an t-eolas a fuarthas as staidéar na Laidine a fheidhmiú sna réigiúin eile staidéar agus sa saol.

3.4 Iompair

De thoradh staidéar a dhéanamh ar an siollabas seo, ba chóir do na daltaí iompair ar leith a fhorbairt go nádúrtha mar a léirítear thíos:-

(i) trí eolas éifeachtach a fháil ar an teanga Laidine, meas a bheith ag daltaí ar ról uathúil na teanga chun pictiúr cine agus sibhialtachta a chur i gcéill, neamhspleách den am atá thart

(ii) meas ar uathúlacht gach aoise agus sibhialtachta

(iii) tuiscint agus meas againn ar cé chomh comónta is atá ár sibhialtacht leis an tseansibhialtacht

(iv) fonn a chothú chun an taifead a bhaineann leis an sean a chuadach agus meas a láidriú ar an riachtanas é a chuimsiú agus a aistriú do na glúine sa todhchaí

(v) bheith feasach go bhféadfaí poblacht (*res publica*) de náisiúin a bhunú trí eolas a chnuasach ar an eiseamláir a thug an phoblacht fadtéarma Rómánach de náisiúin dúinna mar aon leis an *pax Romana*

.

4. STRUCHTÚR AN tSIOLLABAIS

4.1 Breacriantar thíos na sé réigiún ghinearálta staidéir laistigh den siollabas Laidine sa Teastas Sóisearach mar aon leis an gcéatadán ama a mholtar do gach ceann acu:-

	Téama		Am
(i)	Aistriúchán agus Staidéar Cúlra ar Laidin Réamhainmnithe		20%
(ii)	Aistriúchán ar Laidin Neamhainmnithe	40% (20% má roghnaítear Aiste)	
(iii)	An Laidin a thuiscint (Gramadach san áireamh)	20%	
(iv)	Aiste Laidine		20%
(v)	Stair Rómhánach		10%
(vi)	Sibhialtacht agus Saol Sóisialta Rómhánach		10%

4.2 Sa chás nach roghnaítear an Aiste mar ábhar staidéir, ba chóir an t-am a sparáltar a dháileadh ar Laidin Neamhainmnaithe a aistriú. Déanfar foráil ar a leithéid de rogha ar an bpáipéar scrúdaithe.

4.3 Caithfidh na daltaí staidéar a dhéanamh ar gach chuid thuas, ach gan Aiste Laidine san áireamh, chun struchtúr an tsiollabais a chomhlíonadh. Cuirtear béim ar leith ar an teanga Laidine gan dearmad a dhéanamh ar na fo-réigiúin eile. Sa tslí seo, déanann an siollabas tréan-iarracht chun chothromaíocht chuí a choinneáil idir Teanga**/**litríocht agus stair**/**sibhialtacht.

5. NA LEIBHÉIL A IDIRDHEALÚ

5.1 Déantar an siollabas a cur i láthair ag dhá leibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

5.2 Tá creatlach an tsiollabais comónta don dá leibhéal. Beifear ag súil, mar sin féin, go mbeadh caighdeán níos airde sroichte ag daltaí an Ardleibhéil maidir le aistriúchán ar Laidin Réamhainmnithe agus Neamhainmnithe agus i dTuiscint, Gramadach agus Aiste Laidine.

Sna réigiúin ábhartha i Mir 6 thíos den Ábhar Siollabais, tugtar na mionsonraí maidir leis na riachtanais ar leith a bheidh ag teastáil ag an dá leibhéal sa Ghramadach agus san Aiste Laidine.

Iarrfar ar dhaltaí Ardleibhéil léitheoireacht a dhéanamh ar mhéid níos mó de litríocht Laidine Réamhainmnithe thar mar a iarrfar ar dhaltaí Gnáthleibhéil.

Maidir le aistriúchán ar Laidin Neamhainmnithe agus maidir le Tuiscint, beifear ag súil go bhfrithchaithfidh dul ar aghaidh daltaí Ardleibhéil an staidéar leathan a rinneadh sa Laidin Réamhainmnithe agus Neamhainmnithe agus sa Ghramadach nó Aiste.

6. ÁBHAR AN tSIOLLABAIS

6.1 <u>Aistriúchán ar Laidin Neamhainmnithe</u>

Bíonn an tsochaí beann ar scileanna an aistritheora i ngach glúin chun ábhar na seanscríbhneoireachta a chur i gcéill go beacht agus chomh gar agus is féidir do mheon na teanga bunúsaí. Tá sé mar aidhm ag staidéar na laidine a leithéid de scileanna a bhuanú agus a chabhrú san duine aonair agus sa tsochaí.

Is cúrsa léitheoireachta sa Laidin go fhírinne an siollabas. Beidh an rath ar dhaltaí má éiríonn leo aistriúchán a dhéanamh ar Laidin neamhainmnithe mar sé sin phríomhaidhm na léitheoireachta agus na tuisceana sa Laidin. Aistriúchán á dhéanamh ag an dalta, sin é an chéad uair a bhuaileann sé**/**sí le ábhar agus le léirmhíniú ón seandomhan.

Éireoidh leis an siollabas seo má bhíonn na daltaí réidh don dúshlán aistriúcháin ar Laidin neamhainmnthe agus má bhíonn muinín acu as ucht bhuaileadh le ábhar ón ré Chlasaiceach. Bainfear amach an aidhm seo trí léitheoireach céimnithe a úsáid.

Ba chóir an Laidin a léamh ó thús agus ba chóir go mbeadh cleachtadh go minic ag daltaí in aistriúchán ó bhéal agus scríofa a bheadh beacht agus canúnach go dtí an teanga dhúchasach.

Ba chóir an Laidin a léamh os ard go minic mar chleachadh aistriúcháin agus diaidh ar ndiaidh taispeánfaidh sé struchtúr uile na teanga e.g. cothromaíocht maidir le leagan cainte, le fo-leagan cainte agus le priomh-leagan cainte san abairt uile.

Ba chóir go mbeadh na sleachta le haghaidh aistriúcháin sa chéad téacsleabhar Laidine simpli, gairid, suimiúil agus céimnithe a chuireann síos ar an saol, ar an stair agus ar an miotaseolaíocht Rómhánach (le léaráidí más indéanta) agus go ndéanann déileáil le ceachtanna oiriúnacha gramadaí agus le haghaidh aiste a láidríonn a bhfuil foghlamtha cheana ag na daltaí ó na

sleachta Laidine. Moltar feidhm a bhaint as ceann amháin den tsraith nua a leanas de leabhair léitheoireachta le linn na trí bliana den chúrsa seo:-

(i) *The Cambridge Latin Course,* Aonad I go dtí Aonad III (Dara Eagrán) mar aon le lámhleabhair na múinteoirí, téipeanna agus sleamhnáin a fhoilsítear ag Cambridge University Press. (N.B. Beidh ceist ar leith ar an bpáipéar scrúdaithe do na hiarrthóirí sin a úsáideann an tsraith seo [i gCeist 6, *Saol Sóisialta Rómhánach agus Sibhialtachta*] a bheidh bunaithe ar an ábhar Cúlra sna hAonta I go dtí III)

(ii) *Ecce Romnai,* Leabhair 1 go dtí 5, (Eagrán Athchóirithe), mar aon le lámhleabhair na múinteoirí a théann leis an gcúrsa, a fhoilsítear ag Oliver agus Boyd

(iii) *A New Approach to Latin,* Leabhair 1 go dtí 2, curtha in eagar ag Macnaughten agus McDougal, a fhoilsítear ag Oliver agus Boyd

A Shonrú: Soláthraíonn gach aon cheann de na cúrsaí léitheoireachta seo leordhothain léitheoireachta ranga agus ábhair eile fad a leanfaidh an cúrsa trí bliana.

Trí na treoirlínte sna leabhair léitheoireachta, a luadh thuas, a leanúint, rachaidh an dalta ar aghaidh go rianúil agus le sásamh san léitheoireacht Laidine. Tá sé thar a bheith tábhachtach nach cóir don mhúinteoir an iomad ama a chaitheamh ar shleachta ar leith nó ar shleachta deacra de bhrí go mbuailtear leo arís is arís eile i ngach ceann de na leabhair léitheoireachta go mór mór i gcás foclóra agus dul cainnte.

Sa scrúdú scríofa beidh an focloir sna sleachta d'aistriúchán neamhainmnithe bunaithe ar na foclóiri sna tri leabhar léitheoireachta i.e. beidh an foclóir iontu ar fáil sna tri leabhar léitheoireachta agus maidir le focail nach mbuailter leo sna leabhair, beidh siad ar fáil sa ghluais.

6.2 <u>Tuiscint na Laidine (Gramadach san áireamh)</u>

Sleachta Laidine chun críche tuisceana, tá siad ar fheabhas chun dul ar aghaidh na ndaltaí a thástáil de bhrí go raibh na mic léinn céanna gafa i gcúrsa a chuir an bhéim ar léitheoireacht na Laidine. De bhrí gur Tuiscint a bheidh i gceist, beidh na sleachta, de ghnáth, níos fuide ná na sleachta don aistriúchan. Ní gá go mbeadh tuiscint sleachta i dteanga seachas an teanga dhúchasach go hiomlán beacht mar a bheadh aistriúchán a bhfuil mar bharr ar an tuiscint. Déanann an Tuiscint inniúlacht an léitheora a mheas chun míniú iomláine an tsleachta a chur i gcéill. Tiocfaidh míniú an tsleachta Laidine go pras don dalta a bhíonn ag déileáil go minic le sleachta oiriúnacha Laidine. De thoradh a leithéide, cabhróidh na ceisteanna ar leith ar an sliocht leis an dalta míniú domhain an tsleachta a chur i gcéill. Ní bheidh canúint ná stil i gceist anseo ag an dalta ach tuiscint.

Is san aiste is mó a bhuaileann an dalta le gramadach foirmiúil cé go bhféadfaí bualadh léi tri anailís a dhéanamh ar shliocht Laidine réamhainmnithe nó neamhainmnithe. De bhrí gurb í béim an tsiollabais seo an léitheoireacht Laidine a chur chun tosaigh, tá sé iontuigthe tástáil a dhéanamh ar roinnt gnéithe gramadaí laistigh den sliocht a úsáidtear don tuiscint. Sa tslí sin, beidh baill na teanga atá faoi scrúdú le feiceáil i suiomh nádúrtha. Ina theannta sin, tugann an sliocht rogha níos leithne d'eíseamláirí don mhúinteoir, don dalta agus don scrúdaitheoir e.g. beidh samplai ann d'ainmfhocail, de bhriathra, d'aidíachtaí mar aon le múnlaí cainte sa chomhthéacs. Sa tslí sin beidh míniú níos fearr ar fáil ag na daltaí ar ghramadach a thástáil agus tabharfaidh sé an seans dóibh a bhfuil ar eolas acu seachas nach bhfuil ar eolas acu a chur in iúl. Is í an fheidhm ghinearálta atá i gceist anseo ná chun an gramadach a dhéanamh níos córa sa seomra ranga gan é a bheith aonarach ná lom agus a leithéid de ghné a fhrithchaitheamh sa scrúdú.

Ba chóir do na daltaí staidéar a dhéanamh ar a bhfuil thíos chun go mbeadh eolas cuí acu ar an ngramadach agus go mbeidis in ann na ceisteanna gramadaí ar an bpáipéar scrúdaithe a fhreagairt.

- díochlaonadh maidir le ainmfhocail, forainmneacha agus aidiachtaí
- céimeanna comparáide aidíachtaí
- céimeanna comparáide dobhriathra (Ardleibhéal amháin)
- cónasc na mbriathra rialta mar aon le *sum, possum, volo, nolo, malo, fero, fio* agus *eo*, priomhchodanna na mbriathra sin agus na gnáthbhriathra neamhrialta
- I gcás daltaí den Ghnáthleibhéal, an inniúlacht chun gach dul cainnte atá liostaithe i Mír 6.5, thíos, a aithint*
- I gcás daltaí den Ardleibhéal, an inniúlacht chun gach dul cainnte atá liostaithe i Mír 6.5 agus i Mír 6.6, thíos, a aithint*

*Cé gur roghnú staidéir í an Aiste sa siollabas seo, ba chóir go mbeadh daltaí in ann an bonn gramadaí a aithint san dul cainnte simplí a úsáidtear go rialta i gceachtanna Aisti Laidine.

6.3 Aistriúchán ar Laidin Réamhainmnithe agus Cúlra

Cuireann cnuasach de litríocht Laidine ar chumas daltaí iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar théacsanna roghnaithe um ardcháilíocht agus infhaighte. Tugann sé an deis dóibh an cúlra a scrúdú agus a lonnú maille lena n-údair i suíomh stairiúil, shóisialta agus chultúrtha a chabhraíonn leis na daltaí an domhan Rómánach a thuiscint. Ina theannta sin, de bhrí go bhfuil ardchaighdeáin sna téacsanna a roghnaíodh le haghaidh staidéir, beidh an t-aistriúchán níos déine agus níos neamhshimplí.

Tugann an tAguisín a ghabhann leis an siollabas seo liosta iomlán den litríocht as a roghnófar na sleachta réamhainmnithe ar bhonn timthriallach. Caithfidh daltaí Gnáthleibhéil staidéar a dhéanamh ar 120 line go hachomair d'fhilíocht Laidine. 200 líne go hachomair a bheidh i gceist do na daltaí Ardleibhéil. Cuirfear an 120 líne Gnáthleibhéil san áireamh i gcás an 200 líne Ardleibhéil. Ni mór staidéar a dhéanamh ar an gcúlra a bhaineann leis na linte sin.

N. B. Na mionsonraí maidir leis na sleachta tri-bliana réamhainmnithe, eiseofar iad ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta in am tráth.

6.4 Aiste Laidine (Roghnaithe)

Sa deich mbliana a ghabh tharainn, caitheadh amhras ar an luach oideachasúil a bhain le Aiste Laidine mar chuid den chur chuige ginearálta chun críche na teanga Laidine a smachtú. Mar sin féin, tá fianaise ar fáil go mbeidh éifeacht lena leithéid de chleachtadh chun muinín do spreagadh ar shaghas ar leith dalta, go mór mór más mian leis an dalta sin rochtain a bhaint amach ar an

struchtúr foirmiúil den teanga chun í a smachtú. Dá bhrí sin, déanann an siollabas déileáil le aiste Laidine mar réigiún roghnaithe staidéir. Siad seo thíos na buntáistí a leanfaidh an staidéar ar Aiste Laidine:

- cabhraíonn sé le gach aon infhilleadh den ainmfhocal agus den bhriathar a dhaingiú san intinn mar aon leis an gcomhréir Laidine

- tugann sé míniú ar an tslí speisialta in ar rinneadh na Rómhánaigh sleachta urlabhra agus an focal scríofa a chumadh

- bíonn sé gafa go cinniúnach chun, ní amháin an gramadach Laidine ar leith a smachta ach chun an gramadach a bhaineann leis an teanga dhúcasach, ach go háirithe, a thuiscint

- meas a bhunú ar éachtaí scríbhneoirí Rómhánacha trí úsáid a bhaint as an teanga Laidine mar uirlis aiste.

6.5 Na Riachtanais don Aiste Laidine ag an Ghnáthleibhéal

Na riachtanais ghramadaí a léiríodh i Mír 6.2, thuas, mar aon leo siúd a leanas:-

- úsáid as na Réamhfhocail chomónta
- úsáid as an gcoibhneasta *qui, quae, quod*
- *Comhfhaisnéis*
- eiseamláirí simplí ar úsáid Tuiseal chun míniú ar leith a chur in iúl e.g. an tuiseal Cuspóireach a úsáid chun *Cuspóir nó Gluaisne chuig áit* a léiriú
- *Am, Cén fad,* agus *Cathain* a léiriú
- úsáid as aidiachtaí
- úsáid as an rangabháil láithreach agus as an rangabháil chaite um fhaí chéasta (ach gan *an tOchslaíoch Leithlíseach*)
- úsáid as forainmneacha, an forainm athfhillteach *se* san áireamh
- aimsirí na mbriathra sa mhodh *Táscach*
- an aimsir Láithreach, an aimsir Ghnáthláithreach agus an aimsir Ollfhoirfe i gcás na mbriathra sa mhod *Foshuiteach,* faí ghníomhach
- an aimsir láithreach, faí ghníomhach, den mhod *Infinideach*
- *ceist* shimplí dhíreach a shloinneadh ina ndéanfar úsáid as *-ne*
- *Ráiteas Indíreach* a shloinneadh trí úsáid a bhaint as na haimsirí láithreacha agus foirfe, as an fhaí ghníomhach agus as an modh infinideach
- *Clásail Chuspóra* a shloinneadh (Clásail Dheireanacha)

6.6 Na Riachtanais don Aiste Laidine ag an Ardleibhéal

Mar a bhfuil ag an Ghnáthleibhéal agus iad seo a leanas sa bhreis:-

- abairtí ina mbeidh *comparáid* aidiachtai i gceist

- na briathra *Neamhaistreacha* a bhuailtear leo go fíormhinic i.e. *impero, persuadeo, credo,pareo*
- an tuiseal Tabharthach den *Chuspóir Indíreach* mar *do* agus *Monstro*
- na húsáid is tábhachtaí den tuiseal *Áitreabhach* i.e *Romae* agus *domi*
- an tuiseal Ochslaíoch chun *Am Laistigh de* a shloinneadh
- úsáid as na haidiachtaí *medius* agus *summus*
- an t-idirdhealú idir *suus* agus *eius*
- úsáid as na briathra *Diúscartacha* a bhuailtear leo go fíormhinic ina gcuid foirmeacha minice e.g. *profectus, profectus est, mortuus, mortuus est, locutus*
- *Orduithe Diúltacha* le *noli, nolite* nó *ne* le Foshuiteach Foirfe
- *Spreagthaí* e.g. *amemus* patriam
- an ranghabháil fháistineach agus an infinideach fáistineach, modh táscach
- *Ceisteanna Díreacha* ag baint feidhme as *nonne* agus *num*
- *Ceisteanna Neamhdhíreacha*
- *Ráiteas Neamhdhíraech* a shloinneadh ag baint feidhme as an infinideach gníomhach fáistineach agus an infinideach foirfe céasta an toradh comhréireach as úsáid *spero* agus *promitto*
- *Orduithe Neamhdhíreacha* nó *Orduithe Diúltacha*
- *Clásail Leantacha*
- *Clásail Ghearrshaolacha* ag baint feidhme as *ubi* agus *dum*
- *Clásail Teagmhasacha* ag baint feidhme as *cum*, *quia* agus *quod*
- *Clásail Choinníollacha* ag baint feidhme as an Mod Táscach amháin
- *Clásail Fhaomhacha* ag baint feidhme as *quamquam* (an modh Táscach arna leanúint) mar aon le *cum* (an modh Foshuiteach arna leanúint)

N. B. Baineann an bhreacrianú thuas leis an Aiste amháin agus ní bhaineann sé le sleachta Laidine a mbeadh tagairt iontu d'ábhar níos casta, raon leathan de dhul na Laidine san áireamh.

6.7 <u>An Stair Rómhánach</u>

Tá trí cinn de ghnéithe sa siollabas seo ba chóir a bheadh mar threoir don staidéar ar an tréimhse Rómhánach:-

- na cáilíochtaí a chuir ar chumas na Rómhánaigh Impireacht cháiliúil a bhunú
- fadsaol na hImpireachta Rómanaí a iniúchadh mar aon leis na cúiseanna faoi ndear é
- na gnéithe a rinne an bunreacht seasta sin a scriosadh i ndeireadh thiar

6.8 <u>An Stair Rómhánach sa Chéad Bhliain</u>

An tréimhse den stair Rómhánach a thagann roimh na tréimhse réamhainmnithe don scrúdú, ba chóir í a dhéanamh sa chéad bhliain.

Moltar, go láidir, scéalta a fheidhmiú mar chur chuige don tréimhse seo. Moltar an scéim ghinearálta a leanas:-

(i) Titim Traí agus éaló Aeneas

(ii) Bunú na Róimhe agus san áireamh
- an láthair thíreolaíochta sa Latium, san Iodáil agus sa Mheánmhuir
- na finscéalta a bhain léí (e.g. Aeneas, Mars, Romulus agus Remus, Éigniú Sabines)

(iii) Rithe na Róimhe, Romulis, Numa agus Tarquinius Superbus, ach go háirithe

(iv) Bunú *Res Publica Romana* agus san áireamh
- Brutus, Lucretia, na chéad chonsail, an cogadh i gcoinne na Etruscans a léiríonn Lars Porsenna, Horatius Cocles agus Mucius Scaevola

(v) An tréith Rómhánach mar a léirítear í sna scéalta Seanphoblachta agus san áireamh – Coriolanus, Cincinnatus, na Fabii agus Camillus

(vi) Easaontas i measc na nOrduithe
- Scaradh na bPleibeach; Finscéal Menenius; Na Deich dTábla; Verginia; Marcus Manlius; cearta sibhialta á bhfáil diaidh ar ndiaidh ag na pleibigh

(vii) An méadú de réir a chéile ar an Róimh
- chuig Latium, Etruria, Campania, Samnium agus Deisceart na hIodáile

(viii) Na chéad naimhde iasachta a bhagair an Róimh
- Na Gailligh, Pyrrhus, smacht ar an Iodáil uile i lámha na Róimhe

6.9 <u>An Tréimhse Réamhainmnithe den Stair Rómhánach (264 – 44 R.C.) sa Dara agus sa Tríú Bliain</u>

Agus an tréimhse seo á láimhseáil, ba chóir an plean a leanas a fheidhmiú:-

(i) Déan cur síos i dtéarmaí ginearálta ar staid na Róimhe ag tús na tréimhse réamhainmnithe (264 R.C.)
- I gceannas na hIodáile ach gan taithi ar throid a dhéanamh thar lear
- Cabhlach ar éigin aice
- Í mar bhall nua gan taithi i measc roinnt stát comhachtach sa mhór-réigiún Meánmhuire e.g. Carthage, Syracuse agus Macedonia
- Rialtas poblachtach i bhfeidhm

(ii) Déan cur síos i dtéarmaí ginearálta ar staid na Róimhe ag deireadh na tréimhse réamhainmnithe (44 R.C.)
- I gceannas na Meánmhuire mar aon le cuid mhaith de mhór-roinn na hEorpa
- An críoch in ann don rialtas poblachtach

- Airm agus cabhlach ollmhór ullamh

(iii) Dá bhrí sin, is é a bheidh mar aidhm ag an múinteoir ná chun a mhíniú, i dtéarmai ginearálta, na rudaí a tharla idir 264 agus 44 R.C.

Chun an tasc sin a chur i bhfeidhm i dtéarmaí a bheadh ciallmhar agus iontuigthe don mhac léinn, moltar feidhm a bhaint as an mbreacrianú agus as an struchtúr a thugtar sna fo-mhíreanna A, B agus C, thíos. Ní cóir do mhúinteoirí dul ro-dhomhain isteach in aon ghné ar bith den siollabas. Ba chóir ar an láimh eile, níos mó béim a chur ar na réigiúin atá tromphriontáilte. Bheadh sé iomchuí a dhíriú ar thuiscint réasúnta ar na mórchlaonta sa tréimhse réamhainmnithe chomh maith le eolas beacht ar na mórphearsantachtaí. Ní ionann é seo is a rá nach bhféadfadh múinteoirí dul go domhain isteach ar réigiúin go bhfuil suim thar fóir acu iontu.

Siad seo thíos na pearsantachtaí ba chóir a úsáid mar spriocanna agus mar phointi tagartha don tréimhse:-

Hannibal, Scipio Africanus Major, Scipio Africanus Minor, na Deartháireachacha Gracchi, Marius, Sulla, Cicsro, Pompey agus Caesar/

A. Stair Sheachtrach na Róimhe agus Méadú ar an Impireacht

- **Na Cogadhaí Punic agus Scrios Carthage**
- Na Cogadhaí i gcoinne Macedonia
- An bua ar Antiochus de Syria agus gnéithe a réiteach san Áise Bheag
- Scrios Corinth agus Macedonia agus Achaea a nascadh
- Na Cogadhai Spáinneacha agus Scipio Aemilianus
- **Marius, Sulla agus an Cogadh Jugurthine**
- **An Bua ar Cimbri agus ar na Teutones ina raibh Marius agus Sulla gafa**
- **Na Cogadhaí i gcoinne na Mithridates ina raibh Sulla, Lucullus agus Pompey gafa**
- An bua ar Sertorius ina raibh Pompey gafa
- An bua ar Spartacus ina raibh Crassus agus Pompey gafa
- An bua ar na foghlaithe mara ina raibh Pompey gafa
- An tsíocháin a rinne Pompey leis an Lár-Oirthear
- Ionsaí Caesar ar Ghaill agus ar an mBreatain
- An bua ar Crassus agus a bhás ag na Parthians

B. Stair Inmheánach na Róimhe agus an dul ar aghaidh ó Phoblacht go dtí Prionsacht

- An smacht ag an Seanad ach an chothomaíocht riachtanach ag na hOrduithe
- **Fás ar an saibhreas agus tosú ar an uaisleacht nua**
- **Tréigint na tuaithe ar son na cathrach agus an fás faoin phrolatáireacht**

- **An iarracht a rinne Gracchi stad a chur le tréigint na Tuaithe agus conas mar ar theip ar an iarracht sin i ndeireadh thiar**
- **Truailliú na huaisleachta**
- **Éirí Marius, é a bheith ina *popularis* agus fear mileata**
- **Faoi mar ar theip ar Livius Drusus comhaontú a bhaint amach idir na *populares,* na *optimates* agus na hlodálaigh**
- An cogadh sóisialta agus réiteach na faidhbe Iodálaí
- **Cogadh Cathartha idir Marius agus Sulla**
- **Deachtóireacht Sulla agus an leasú bunreachta a rinne sé i bhfabhar na huaisleachta**
- An chríoch a bhí le Bunreacht Sulla
- Comhcheilg Catiline
- **Teacht ar aghaidh Caesar mar *popularis* agus an Chéad Triúracht**
- **Truailliú na triúrachta ag Pompey agus Caesar trí Milo agus Clodius**
- **Cogadh Cathartha idir Pompey agus Caesar**
- **Neamhní déanta ag Caesar ar an mBunreacht Poblachtach**
- **Feallmharú Caesar**

C. Ba chóir láimhseáil de shaghas éigin a thabhairt dóibh seo a leanas má bhíonn baint acu leis na réigiúin a luadh in A agus B, thuas:

- Arm cathartha páirtaimseartha a bhain le luaththréimhse an chúrsa
- An tús a bhí le arm a bhunú i dtús báire faoi Marius
- Teacht i réim don eachtránaí mileata a lorgaíonn uaillmhian phearsanta agus an baol de thoradh sin atá ann don rialtas poblachtach – Marius, Sulla, Pompey agus Caesar
- An difríocht a bhi idir na fir mhileata sin, dar leis an bpobal, agus na treabhainn
- An cheist ghinearálta faoi chonas mar ar éirigh leis an Róimh ardcheannas ar an Eoraip a bhaint amach.

6.10 <u>Saol Sóisialta Rómhánach agus Sibhialtacht</u>

Baineann an mhír seo den siollabas leis an saol sóisialta agus polaitiúil go ginearálta mar aon le béasa agus le nósanna na Rómhánach. Seo thíos bhreacrianú ar na teidil ghinearálta chun críche staidéir:-

(i) <u>An Saol Sóisialta</u>

- Oideachas (gach leibhéal), scoileanna, múinteoirí, teagascóirí, ábhair scríbhneoireachta
- folcadáin phoibli

- cluichí gliaireacha
- rásanna carbad
- tithíocht, *domus, insula* agus *villa* san aireamh
- béilí, aiste bia agus gnásanna itheacháin

(ii) Béasa agus Nósanna

- *paterfamilias* agus an *líon ti* go ginearálta, sclábhaithe teaghlaigh san aireamh
- stádas na mban agus na gcailíní
- *toga virilise* agus *toga praetexta* agus an míniú a baineann leo
- gléasadh an mban
- cleamhnas agus pósadh
- bás agus gnásanna sochraide
- *augur* agus *haruspex*
- Maighdeana Veisteacha
- creidimh reiligiúnacha go ginearálta, *Lares* agus *Penates* agus na mórdéithe agus bandéithe san áireamh
- pátrún (*patronus*) agus cliant (*cliens*)
- saghasanna sclábhaíochta e.g. cinealácha sclábhaíochta tuaithe agus uirbeacha

(iii) An Saol Polaitiúil

- An Seanad, *comitia centuria, comitia tribute,* consail, *dictator, magister equitum, censor, praetor, aedile, questor,* treabhann na ndaoine (*tribunes plebis*), *equites, litors, fasces*

Agus na gnéithe sin faoi staidéar, ba chóir iarracht a dhéanamh chun iad a léiriú i gcomhthéacs eachtra nó tréimhse éigin e.g. ról an tSeanaid sa Dara Cogadh Punic nó na cúiseanna a bhí ag na Gracchi chun an treabhann a iarraidh. Ní bheidh súil, áfach, le mioneolas.

(iv) I gcás na hiarrthóirí sin a bheidh gafa sa Chúrsa Laidine Cambridge, ba chóir a gcuid eolais ar an saol sóisialta agus polaitiúil, béasa agus nósanna Rómhánacha a bheith bunaithe ar a gcúlábhar atá fite fuaite ina chéile sa chúrsa sin.

7. **MEASÚNACHT**

Déanfar dul ar aghaidh na mac léinn, agus an cúrsa a bheith criochnaihe acu, a thomhas tríd an mheasúnacht – ag leibhéal a beidh iomchuí d'aois is d'inniúlacht na ndaltaí mar a fhrithchaitear iad sna páipéir scrúdaithe ag an Ghnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal – ina bhfuil a leanas:-

Eolas agus Tuiscint ar

- an teanga Laidine
- an gramadach Laidine
- an litríocht Laidine
- foinse, tréith agus forbairt an chine Rómhánaigh
- an Poblacht Rómhánach
- borradh na hImpireachta Rómhánaí
- pearsantachtaí cháiliúla sa Phoblacht Rómhánach

- an saol polaitiúil Rómhánach
- an saol sóisialta, béasa ags nósanna Rómhánacha.

Oilteacht agus Inniúlacht

- maidir leis an teanga Laidine a aistriú
- maidir leis an teanga Laidine a thuiscint
- maidir le aiste a scríobh sa teanga Laidine (Roghnaithe)
- chun míniú a thabhairt ar ghnéithe tábhachtacha stairiúla, polaitiúla agus sóisialta den tsibhialtacht Rómhánach

7.2 Ualaithe na Marcanna

Déanfaidh na hualaithe marcanna sa mheasúnacht ag an dá leibhéal an cion ama le dáileadh ar na réigiúin molta éagsúla staidéir a fhrithchaitheamh. Ta an cion sin breacrianaithe i Mír 4.1, thuas. Dá bhrí sin, siad seo thíos na hualaithe marcanna a bheidh sa scrúdú scríofa ag an dá leibhéal:-

Réigiún	Céatadán naMarcanna
Laidin Réamhainmnithe a aistriú, Cúlra san áireamh	20%
Aistriúchán ar Laidin neamhainmnithe	40% (20% má roghnaítear an Aiste)
Tuiscint na Laidine (gramadach san áireamh)	20%
Aiste Laidine (Roghnaithe)	20%
Stair Rómhánach	10%
Saol Sóisialta agus Sibhialtacht Rómhánach	10%

7.3 Cruth na bPáipéar Scrúdaithe

Beidh dhá pháipéar scrúdaithe i gceist, ceann amháin ag an Ghnáthleibhéal agus ceann amháin ag an Ardleibhéal. 400 an marc iomlán ar gach pháipéar acu.

Beidh sé cheist ar gach pháipéar san ord a leanas:-

C.1 Aistriúchán ar shlioct réamhainmnithe Laidine mar aon le fo-cheisteanna ar chúlra den sliocht agus ar an gcuid eile den litríocht réamhainmnithe. (20%)

C.2 Aistriúchán ar shlioct neamhainmnithe Laidine. (20%)

C.3 Tuiscint ar shliocht Laidine (Gramadach san áireamh) (20%)

C.4 Aiste i.e. abairtí a aistriu ón teanga dhúchasach go Laidin. (20%)

nó

Aistriúchán ar shlioct neamhainmnithe Laidine. (20%)

C.5 Stair Rómhánach mar a leanas:-

Mír A – <u>cúig</u> cheist a fhreagairt as deich gceist ghearra (05%)

Mír B – <u>ceist amháin</u> as dhá cheann ina mbeifear ag súil le freagraí níos fuide agus a bheidh bunaithe ar na pearsantachtai ata liostaithe i 6.9 (iii), thuas (05%)

C.6 Saol Sóisialta agus Sibhialtacht Rómhánach mar a leanas:-

Mír A – <u>cúig</u> cheist a fhreagairt as deich gceist ghearra (05%)

Mír B – <u>ceist amháin</u> ina mbeifear ag súil le freagra níos fuide (05%)

N.B. Ní bheidh ceisteanna 1, 2, 3 agus 4 ar aon dul ar an dá pháipéar ach beidh siad iomchuí ó thaobh leibhéal deacrachta na bpáipéar.

Beidh ceisteanna 5 agus 6 mar an gcéanna ar an dá pháipéar.

AGUISÍN

Tacar de Shleachta Laidine as a Roghnófar an Litríocht Réamhainmnithe chun críche Timthrialla Trí Bliana

1. Phaedrus, Codex Ademari, Uimh. 15
2. Phaedrus, leabhar 1, Finscéal 12
3. Catullus, Carmen 9
4. Catullus, Carmen 39, 1-8
5. Catullus, Carmen 3
6. Catullus, Carmen 5
7. Catullus, Carmen 84
8. Catullus, Carmen 101
9. Catullus, Carmina 70 agus 85
10. Ovid, *Fasti* Leabhar 3, 215-222, 225-228
11. Ovid, *Fasti* Leabhar 2, 687-698
12. Ovid, *Fasti* Leabhar 2, 223-234
13. Ovid, *Fasti* Leabhar 2, 235-242
14. Ovid, *Fasti* Leabhar 4, 425-426, 429-433, 441-446
15. Ovid, *Fasti* Leabhar 4, 502-503, 505-506, 511-514
16. Ovid, *Fasti* Leabhar 4, 519-530
17. Ovid, *Fasti* Leabhar 4, 537-544
18. Ovid, *Fasti* Leabhar 2, 83-86, 93-96
19. Ovid, *Fasti* Leabhar 4, 97-100, 103-106, 111-116
20. Ovid, *Heroides* Uimh.14, 33-41
21. Ovid, *Heroides* Uimh.14, 41-50
22. Ovid, *Heroides* Uimh.18, 55-64
23. Ovid, *Metamorphoses* 8, 183-195
24. Ovid, *Metamorphoses* 8, 195-208
25. Ovid, *Metamorphoses* 8, 208-216
26. Ovid, *Metamorphoses* 8, 217-225
27. Ovid, *Metamorphoses* 8, 225-235
28. Ovid, *Metamorphoses* 4, 580-588
29. Ovid, *Metamorphoses* 4, 589-601
30. Ovid, *Metamorphoses* 1, 541-545, 548, 550-551, 553-554, 556-558
31. Ovid, *Metamorphoses* 1, 639, 642-650
32. Ovid, *Heroides* 8, 73-76, 79-80, 89-90
33. Ovid, *Heroides* 8, 91-100
34. Ovid, *Tristia*, Leabhar 4, 1, 67-68, 71-78
35. Ovid, *Tristia*, Leabhar 5, X, 15-24, 37-38
36. Ovid, *Epistulae ex Ponto,* Leabhar 1, Uimh.4, 1-8, 29-30, 47-50
37. Virgil, *Eclogues,* Umh.1, 1-10
38. Virgil, *Eclogues,* Umh.1, 18-25, 42-45
39. Virgil, *Eclogues,* Umh.1, 46, 51-52, 56-58, 64-66, 77-78, 79-83
40. Virgil, *Georgics,* Uimh. 4, 464-470
41. Virgil, *Georgics,* Uimh. 4, 471-477, 481-484
42. Virgil, *Georgics,* Uimh. 4, 485-493
43. Virgil, *Georgics,* Uimh. 4, 494-506
44. Virgil, *Georgics,* Uimh. 4, 507-517, 519-520
45. Virgil, *Georgics,* Uimh. 4, 523-527
46. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 66-73
47. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 74-76, 80-83, 86-88
48. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 281-286
49. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 288-298
50. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 314-319. 327-332
51. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 381-392
52. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 394-404
53. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 523-532
54. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 584-591, 593-596
55. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 620-629
56. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 642-653
57. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 653-655, 657-665
58. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 665-674
59. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 693-695, 700-705
60. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 450-455
61. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 456-466
62. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 4, 467-476
63. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 3, 655-665
64. Virgil, *Aeneid*, Leabhar 3, 668-681

.